Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Feabhra 2025**
**(OR. en)**

**16702/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0266(NLE)**

**RECH 540**
**COASI 202**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais,**
**agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe**
**idir an tAontas Eorpach, de pháirt,**
**agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile,**
**maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 186 agus 212, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le litir dar dáta an 14 Feabhra 2022, léirigh Poblacht na Cóiré a spéis fhoirmiúil a bheith comhlachaithe le Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ('Fís Eorpach').

(2) An 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/1093[2], lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh comhaontaithe maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré sa chlár Fís Eorpach.

(3) Tugadh an chaibidlíocht chun críche agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le Rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais ('an Comhaontú') an 29 Márta 2024. Fógraíodh tabhairt i gcrích na caibidlíochta go hoifigiúil an 25 Márta 2024 i mBruiséil na Beilge. Arna iarraidh sin do Phoblacht na Cóiré, reáchtáladh babhtaí caibidlíochta breise agus cuireadh inisealacha le leagan modhnaithe de théacs an Chomhaontaithe an 23 Meán Fómhair 2024.

---

1 Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

2 Cinneadh (AE) 2023/1093 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Cóiré le haghaidh Comhaontaithe maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na Cóiré le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) (IO L 146, 6.6.2023, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1093/oj).

(4) Is iad cuspóirí an Chomhaontaithe creat seanbhunaithe a bhunú le haghaidh comhar idir an tAontas agus Poblacht na Cóiré agus na téarmaí agus na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais a leagan amach, cláir atá oscailte dá rannpháirtíocht i gcomhréir leis na bunghníomhartha lena mbunaítear cláir an Aontais mar a shainmhínítear sa Chomhaontú. Faoin gComhaontú, déanfaidh an tAontas bearta comhair le Poblacht na Cóiré de bhun Airteagal 212 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(5) De bhun Airteagal 3(1) den Chomhaontú, tá na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré in aon chlár nó in aon ghníomhaíocht de chuid an Aontais faoi réir na mbunghníomhartha agus mar a chumhdaítear leis na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú.

(6) De bhun Airteagal 3(2) den Chomhaontú, leagtar síos na téarmaí agus na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i bhFís Eorpach sa Phrótacal maidir le Comhlachas Phoblacht na Cóiré le Fís Eorpach — an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027) ('Prótacal maidir le Comhlachas na Cóiré le Fís Eorpach) a ghabhann leis an gComhaontú.

(7) I gcomhréir leis an sainordú ón gComhairle, rinneadh an Prótacal maidir le Comhlachas na Cóiré le Fís Eorpach a chaibidliú i gcomhthreo leis an gComhaontú agus, de bhun Airteagal 17(9) den Chomhaontú, is cuid dhílis den Chomhaontú é. Tá Poblacht na Cóiré ina comhlach le Colún II 'Dúshláin Dhomhanda agus Iomaíochas Tionsclaíoch Eorpach' den chlár Fís Eorpach.

(8) Comhlíonann Poblacht na Cóiré na critéir a leagtar amach in Airteagal 16(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2021/695.

(9) Comhlíonann an Comhaontú Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2021/695, lena gceanglaítear go mbeidh comhlachas na dtríú tíortha le Fís Eorpach faoi Airteagal 16(1), pointe (d), den Rialachán sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gcomhaontú lena gcumhdaítear rannpháirtíocht na tíre nó na críche sin in aon chlár de chuid an Aontais, ar choinníoll go n-áirithítear leis an gcomhaontú cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach i gcláir an Aontais; go leagtar síos leis an gcomhaontú coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i gcláir an Aontais, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais le cláir aonair, agus costais riaracháin na gclár; nach dtugtar leis aon chumhacht cinnteoireachta don tríú tír i dtaca le clár an Aontais, agus go ráthaítear leis cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

(11) D'fhonn comhar tráthúil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré i réimse an taighde, na forbartha teicneolaíochta agus na nuálaíochta a áirithiú, agus d'fhonn rannpháirtíocht eintitis na Cóiré i bhFís Eorpach a cheadú, ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo, thar ceann an Aontais, síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na Cóiré i gcláir an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe[3].

*Airteagal 2*

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Chomhaontú, ón dáta a thabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin curtha i gcrích acu, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

---

[3] Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in … [cuir isteach tagairt IO].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*